



An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0318(NLE)

12485/23
ADD 1

PROCIV 57	ATO 48
ENV 925	CSC 408
JAI 1084	ECOFIN 839
SAN 494	CSCI 149
COSI 140	DATAPROTECT 216
CHIMIE 85	MI 698
ENFOPOL 356	CODEC 1500
RECH 380	COPS 418
CT 133	JAIEX 46
DENLEG 38	COPEN 292
COTER 153	IND 441
RELEX 987	POLMIL 221
ENER 467	IPCR 55
HYBRID 53	DIGIT 160
TRANS 329	DISINFO 62
CYBER 203	CSDP/PSDC 608
TELECOM 251	MARE 18
ESPACE 45	POLMAR 47

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 526 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Treoirphlean chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ar leibhéal an Aontais do shuaitheadh ar an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann shuntasach ag baint leis

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 526 final.

Faoi iamh: COM(2023) 526 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.9.2023
COM(2023) 526 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Treoirphlean chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ar leibhéal an Aontais
do shuaitheadh ar an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann
shuntasach ag baint leis**

IARSCRÍBHINN

Leis an Iarscríbhinn seo tugtar tuairisc ar na prionsabail, na cuspóirí, na príomhghníomhartha, an t- idirghníomhú leis na sásraí freagartha ar ghéarchéimeanna atá ann cheana agus feidhmiú Treoirphlean chun an fhreagairt ar theagmhais shuntasacha maidir leis an mbonneagar criticiúil a chomhordú ('Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil') agus feabhas a chur ar an gcomhar idir na Ballstáit agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a mhéid a bhaineann leis na teagmhais sin, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme. Leis an Treoirphlean seo ní dhéantar difear ar aon bhealach do ról ná feidhmiú socruithe eile.

CUID I: CUSPÓIRÍ, PRIONSABAIL, GNÍOMHAITHE AGUS IONSTRAIMÍ EILE

1. Cuspóirí

Is é is aidhm don Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil na trí phríomhchuspóir seo a leanas a bhaint amach mar fhreagairt ar theagmhais suntasach maidir le bonneagar criticiúil:

- (a) **Feasacht staide chomhroinnte**, ós rud é go bhfuil tuiscint mhaith ar an teagmhais suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil sna Ballstáit, a thionscnamh agus a iarmhairtí ionchasacha le haghaidh na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar an leibhéal oibríochtúil agus straitéiseach/polaitiúil fíor- riachtanach le haghaidh freagairt chomhordaithe iomchuí.
- (b) **Cumarsáid phoiblí chomhordaithe**, ós rud é go gcuidítear léi sin éifeachtaí diúltacha teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil a mhaolú agus neamhréireachtaí sna teachtaireachtaí a chuirtear in iúl don phobal sna Ballstáit agus eatarthu a íoslaghdú. Tá tábhachtach freisin le cumarsáid phoiblí shoiléir chun iarmhairtí na bréagaisnéise a mhaolú.
- (c) **Freagairt éifeachtach**, ós rud é maidir le neartú fhreagairt na mBallstát agus an chomhair idir na Ballstáit agus le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais go rannchuidítear le héifeachtaí teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil a mhaolú agus athbhunú tapa ar sheirbhísí fíor- riachtanacha a chumasú ar bhealach lena n- íoslaghdaítear leochaileacht i leith tuilleadh teagmhais shuntasacha.

2. Prionsabail

Comhréireacht

Teagmhais lena gcuirtear isteach ar an mbonneagar criticiúil agus/nó soláthar seirbhísí fíor- riachtanacha, is minic a thiteann siad faoin tairseach a bhaineann le teagmhais suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil mar a shonraítear i bpointe 2 den Mholadh seo. Dá réir sin, is féidir, i bprionsabal, aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, tá cur i bhfeidhm an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil teoranta do theagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil.

Coimhdeacht

Is ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht maidir le freagairt do shuaitheadh ar bhonneagar criticiúil nó ar na seirbhísí fíor- riachtanacha arna soláthar ag eintitis chriticiúla, i gcomhréir le dlí an Aontais. Mar sin féin, tá ról comhlántach tábhachtach ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus ag an tSeirbhís Eorpach

Gníomhaíochta Seachtraí ('SEGS') i gcás teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil a bhfuil mórábharthacht trasteorann ag baint leis, ós rud é gur féidir go mbeidh tionchar ag teagmhas den sórt sin ar chodanna éagsúla nó ar gach cuid fiú de ghníomhaíocht eacnamaíoch laistigh den mhargadh inmheánach, saol na saoránach a chónaíonn san Aontas, slándáil agus caidreamh idirnáisiúnta an Aontais.

Comhlántacht

Leis an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil cuirtear san áireamh agus léirítear feidhmiú na sásraí bainistithe géarchéime atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, is é sin socruithe na Comhairle maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna ('IPCR'), próiseas comhordúcháin géarchéimeanna inmheánach an Choimisiúin ARGUS, Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ('UCPM'), lena dtacaítear leis an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha ('ERCC') agus Sásra Freagartha ar Ghéarchéimeanna SEGS. Leis sin tarraingítear freisin ar shocruithe eárnála, lena n-áirítear na forálacha le haghaidh bainistíocht chomhordaithe ar theagmhais chibearshlándála mhórsála dá ndéantar foráil le Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus an creat a leagtar amach sa Treoirphlean le haghaidh freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála trasteorann mórsála ('Cibir- Threoirphlean')², an Líonra de phointí teagmhála iompair³ agus an tAonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime⁴.

Thairis sin, leis an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil, cuirtear leis na struchtúir agus na sásraí a bhunaítear le Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ agus tá sé le cur i bhfeidhm i gcomhréir léi sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar idir údaráis inniúla agus leis an gCoimisiún agus sa Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil. Leis sin cuirtear san áireamh freisin freagrachtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais faoin gcreat dlíthiúil is infheidhme maidir leo. Gníomhaíochtaí freagartha ar ghéarchéimeanna maidir leis an mbonneagar criticiúil, tá siad comhlántach le sásraí bainistithe géarchéime eile ar leibhéal an Aontais agus ar na leibhéil náisiúnta agus eárnála a thacaíonn le comhordú il-earnála.

Rúndacht faisnéise

Leis an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil cuirtear san áireamh an tábhacht a bhaineann le rúndacht faisnéise rúnaicmithe agus neamh- rúnaicmithe íogaire a bhaineann le bonneagar criticiúil agus eintitis chriticiúla a chosaint.

3. Gníomhaithe ábhartha

Déanfaidh gach Ballstát agus institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht ábhartha den Aontas dá dtagraítear faoi phointí a) go e) thíos, i gcomhréir leis na rialacha agus an nós

¹ Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

² Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórsála cibearshlándála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún – Plean teagmhásach iompair (COM/2022/211 final).

⁴ A bhunaítear faoi Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna gréasáin bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme.

⁵ Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164).

imeachta is infheidhme maidir leo, cinneadh maidir leis an ngníomhaí nó na gníomhartha ábhartha le haghaidh gach teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil, de réir na hearnála nó na n-earnálacha dá ndéantar difear agus an chineáil teagmhais.

a) Ballstáit

- Údaráis inniúla (e.g. údaráis atá i gceannas ar bhonneagar criticiúil, údaráis earnála ábhartha, pointí teagmhála aonair a ainmnítear nó a bhunaítear de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2022/2557, údaráis a ainmnítear nó a bhunaítear de bhun Airteagal 9(1) de Threoir (AE) 2022/2557);
- I gcás inarb iomchuí, an gréasán Eorpach um eagrú an idirchaidrimh maidir le cibirghéarchéimeanna ('EU- CyCLoNe') dá dtagraítear in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2022/2555;
- An Grúpa Comhair dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555;
- I gcás inarb iomchuí, páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear eintitis nó daoine ón earnáil phríobháideach amhail oibreoirí an bhonneagair chriticiúil, lena n-áirítear na cinn a shainaithnítear mar eintitis chriticiúla;
- Na hAirí atá freagrach as athléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus/nó an tAire nó na hAirí atá freagrach as an earnáil nó as na hearnálacha is mó dá ndéantar difear leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil i gceist.

b) An Chomhairle

- An Uachtaránacht rothlach;
- Na Meithleacha ábhartha, amhail an Mheitheal um Chosaint Shibhialta lena n-áirítear an foghrúpa maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil PROCIV- CER agus cathaoirleach nó cathaoirligh na Meithle nó na Meithleacha ábhartha de réir na hearnála nó na n-earnálacha dá ndéantar difear agus cineál an teagmhais, amhail, an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna agus an Mheitheal Chothrománach um an Athléimneacht a Fheabhsú agus um Bagairtí Hibrideacha a Chomhrac;
- COREPER, an Coiste Polaitiúil agus Slándála, agus IPCR, a dtacaíonn Ardrúnaíocht na Comhairle leo uile.

c) An Coimisiún, lena n-áirítear grúpaí saineolaithe an Choimisiúin

- Príomhsheirbhís ainmnithe (de réir na hearnála dá ndéantar difear) a dtacaíonn ERCC léi mar an mol oibríochtúil 24/7 a bhainistíonn freagairtí ar ghéarchéimeanna agus an Ard-Stiúrtóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile mar an tseirbhís atá freagrach sa réimse agus, i gcás teagmhas trasearnála, an Ard-Stiúrtóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile agus Ranna ábhartha eile de chuid an Choimisiúin;
- Ard-Stiúrtóireacht na Cumarsáide agus seirbhísí an Urlabhraí;
- Ard-Stiúrtóireacht HERA, an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte;
- An Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil a ndéanfaidh ionadaí ón gCoimisiún cathaoirleacht air (an Ard-Stiúrtóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile), a bhunaítear le Treoir (AE) 2022/2557, agus, i gcás inarb iomchuí, grúpaí saineolaithe agus coistí ábhartha eile;

- ERCC a bhunaítear faoi UCPM le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ (mol bainistíochta éigeandála oibríochtúil 24/7 faoi UCPM atá suite in Ard- Stiúrthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil);
- An Grúpa Comhair dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555;
- Lárionad Fheasacht Staide agus Anailís na Cibearchosanta;
- An Coiste Slándála Sláinte, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2371⁷;
- Ardrúnaíocht an Choimisiúin (rúnaíocht ARGUS) agus an (Leas-)Ard- Rúnaí (próiseas ARGUS), an Ard- Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna (Stiúrthóireacht Slándála);
- Grúpaí saineolaithe ábhartha eile de chuid an Choimisiúin a thugann cúnamh don Choimisiún chun bearta a chomhordú in éigeandáil nó géarchéim;
- Líonraí eile um bainistiú géarchéimeanna, lena n- áirítear líonraí earnála (e.g. an Líonraí um pointí teagmhála iompair arna mbainistiú ag Ard- Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, an Tascfhórsa idirinstiúideach um Chibearghéarchéimeanna⁸, an tAonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime);
- An tUachtarán agus/nó an Leas- Uachtarán/an Coimisinéir freagrach.

d) SEGS

- An Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise ('SIAC') comhdhéanta den Lárionad Faisnéise agus Staide ('IntCen') agus Stiúrthóireacht Faisnéise Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh ('EUMS Int');
- An Lárionad um Fhreagairt ar Ghéarchéimeanna ('CRC');
- Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála/Leasuachtarán de chuid an Choimisiúin.

e) Comhlachtaí agus oifigí ábhartha de chuid an Aontais, agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, amhail Europol, de réir na hearnála nó na n- earnálacha dá ndéantar difear⁹.

⁶ Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

⁷ Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26).

⁸ Grúpa neamhfhoirmiúil lena n- áirítear ranna ábhartha de chuid an Choimisiúin, SEGS, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), CERT- EU agus Europol, faoi chomhchathaoirleacht Ard- Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta agus SEGS.

⁹ Amhail Europol; i gcás iompair: Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA), an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA); le haghaidh na sláinte: an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA); maidir le fuinneamh: an Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER); le haghaidh an spáis: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA); le haghaidh earnáil an bhia: an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA); maidir leis an réimse muirí: an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA); le haghaidh cibirtheagmhais: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil

4. Idirghníomhú le sásraí agus ionstraimí bainistithe géarchéime ábhartha eile

Is uirlis sholúbtha é an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil lena ndéantar gníomhaíochtaí éagsúla a d'fhéadfaí a dhéanamh go páirteach nó go hiomlán a mhapáil agus socruithe éagsúla atá ann cheana á n-úsáid, de réir chineál agus thromchúis an teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil agus an ghá le comhordú oibríochtúil, straitéiseach/polaitiúil.

a) Prótacal an Aontais maidir le bagairtí hibrídeacha a chomhrac¹⁰ ('Prótacal an Aontais')

Tá feidhm ag Prótacal an Aontais i gcás bagairtí hibrídeacha¹¹ trí achoimre a thabhairt ar na próisis agus na huirlisí atá infheidhme i gcás na mbagairtí nó na bhfeachtas sin.

I gcás teagmhais suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil ag a bhfuil gné hibrídeach, tá feidhm ag Prótacal an Aontais i gcomhlántacht leis an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil, i gcás inarb iomchuí, e.g. le haghaidh faisnéis, anailís nó cumarsáid shonrach maidir le gnéithe hibrídeacha den teagmhais suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil agus maidir le comhar le comhpháirtithe seachtracha.

b) An Treoirphlean maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála trasteorann mhórsála

Tá feidhm ag an Treoirphlean Cibearshlándála maidir le teagmhais trasteorann mhórsála lena gcruthaítear suaithheadh atá rófhairsing chun go bhféadfaí Ballstát lena mbaineann déileáil leis ar a thionscnamh féin nó lena ndéantar difear do dhá Bhallstát nó institiúid de chuid an Aontais nó níos mó ag a bhfuil tionchar lena mbaineann suntas teicniúil nó polaitiúil atá chomh fairsing agus chomh suntasach sin go n-éilítear comhordú agus freagairt bheartais thráthúil ar leibhéal polaitiúil an Aontais leo.

I gcás teagmhais suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil atá i gcomhthráth le teagmhais cibearshlándála mhórsála, nó ar cosúil go mbaineann sé leis sin, déanann meithleacha ábhartha na Comhairle comhordú iomchuí a chinneadh ar leibhéal oibríochtúil, lena n-áirítear le EU-CyCLONe, nó trí chruinniú comhpháirteach den Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil leis an nGrúpa Comhair. Is é is cuspóir don chomhordú an gníomhaí, an uirlis (nó na huirlisí) nó an sásra (nó na sásraí) a chinneadh lena bhféadfaí rannchuidiú ar an mbealach is éifeachtaí le freagairt don teagmhais suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil le linn dúbailte agus snáitheanna oibre comhuaineacha a sheachaint.

c) Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha

I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ('UCPM'), freagairtí faoi UCPM ar thubaistí nádúrtha agus antrapaigineacha atá iarbhír nó ar tí tarlú (lena n-áirítear iad sin lena mbaineann suaithheadh ar an mbonneagar criticiúil) laistigh agus lasmuigh den Aontas, tá siad á stiúradh ag ERCC, mol oibríochtúil aonair 24/7 an Choimisiúin a bhainistíonn freagairtí ar ghéarchéimeanna. Sna cásanna sin, is

Ríomhairí (CSIRTanna), an Fhoireann Práinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (CERT- EU).

¹⁰ Joint Staff Working Document – EU Protocol for countering hybrid threats [Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach – Prótacal an Aontais chun bagairtí hibrídeacha a chomhrac] SWD(2023)116 final.

¹¹ Is féidir bagairtí hibrídeacha a shaintréithriú mar mheascán de ghníomhaíocht chomhéigineach agus threascrach, gnáthmhodhanna agus modhanna neamhghnácha, ar féidir le gníomhaithe stáit agus neamhstáit iad a úsáid ar bhealach comhordaithe chun cuspóirí sonracha a bhaint amach, cé go bhfuil siad fós faoi thairseach cogaíochta a dearbhaíodh go foirmiúil, cf. Prótacal an Aontais maidir le bagairtí hibrídeacha.

féidir le ERCC luathrabhadh, fógra agus anailís a sholáthar agus tacú le comhroinnt faisnéise agus, i gcás gníomhachtú UCPM arna dhéanamh ag Ballstát, imscaradh cúnaimh oibríochtúil agus saineolaithe chuig na limistéir dá ndéantar difear. Ina theannta sin, is féidir le ERCC comhordú earnála agus trasearnála a éascú ar leibhéal an Aontais agus idir an tAontas agus údaráis náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear na cinn atá freagrach as cosaint shibhialta agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil.

d) Sásraí agus ionstraimí earnála nó trasearnála eile

Leis an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil ní dhéantar uirlisí bainistithe géarchéime ná sásraí comhordúcháin earnála nó trasearnála eile a dhúbailt. I gcás inarb ann do na huirlisí nó na sásraí sin cheana san earnáil dá ndéantar difear, is féidir an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil, faoina raon feidhme, a úsáid mar uirlis atá comhlántach leis na huirlisí nó na sásraí earnála nó trasearnála ach ní chuirtear ina n-ionad é. An comhordú is gá idir na gníomhaithe éagsúla ba ghá é a áirithiú chun an dúbailt sin a sheachaint. D'fhéadfaí an méid sin, mar shampla, a bhaint amach i bpróiseas comhordúcháin géarchéimeanna inmheánach an Choimisiúin ARGUS, lena dtacaíonn ERCC, agus/nó cruinnithe comhordúcháin IPCR.

CUID II: MALARTÚ FAISNÉISE AGUS FREAGAIRT CHOMHORDAITHE

Is é atá sna gníomhaíochtaí ar a dtugtar tuairisc thíos modhanna comhair, is é sin malartú faisnéise, cumarsáid agus freagairt chomhordaithe. Comhfhreagraíonn an struchtúr sin do mhodhanna shása IPCR um chomhordú géarchéime ón gComhairle agus cuirtear san áireamh ann, ar bhealach níos leithne, úsáid ionchasach na sásraí um chomhordú géarchéime atá ann cheana ar leibhéal an Aontais. Leis an struchtúr seo léirítear conas a chomhtháthófaí na modhanna comhair sin ann dá n-úsáidfi iad. Mar sin féin, is féidir an chuid is mó de na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh go féinrialaitheach: níl siad ag brath ar úsáid an tsása sin ach tá siad ina gcomhlánú air ina ionad sin. Cuirtear na gníomhaíochtaí i láthair in ord cróineolaíoch, agus é á chur san áireamh, i gcás géarchéim mhórscála arb é atá inti teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil, gur féidir gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh go comhuaineach agus go leanúnach.

1. MALARTÚ FAISNÉISE

(a) Ar an leibhéal oibríochtúil

Na Ballstáit dá ndéantar difear leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil cuireann siad a mbearta teagmhasacha féin i bhfeidhm, áirithíonn siad comhordú le sásraí náisiúnta ábhartha bainistithe géarchéime, agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ábhartha uile, de réir mar is iomchuí.

I gcás inarb ábhartha a mhéid a bhaineann le cúnamh cosanta sibhialta, áirithítear an comhordú idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún trí ERCC faoi UCPM.

i) Comhroinnt faisnéise agus fógra ó na húdaráis náisiúnta inniúla

I dteannta na n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt agus faisnéis de bhun Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2557, na húdaráis náisiúnta inniúla atá freagrach as bonneagar criticiúil sna Ballstáit dá ndéantar difear leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil déanann siad faisnéis ábhartha a chomhroinnt le hUachtaránacht rothlach na Comhairle agus an Choimisiúin, trína bpointí teagmhála aonair agus gan moill mhíchuí, ar faisnéis í a fuarthas ó oibreoir nó oibreoirí an bhonneagair chriticiúil, eintitis chriticiúla, nó ó fhoinsí eile chomh maith le faisnéis maidir leis na sásraí bainistithe géarchéime a

gníomhachtaíodh. Le haghaidh an Choimisiúin, áirithíonn ERCC acmhainneacht agus teagmháil oibríochtúil 24/7 agus déanann sé comhordú, faireachán agus tacaíocht i bhfíor-am ar an bhfreagairt ar éigeandálaí ar leibhéal an Aontais, agus é ag freastal ag an am céanna ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún mar mhol oibríochtúil don fhreagairt ar ghéarchéimeanna lena gcuirtear cur chuige trasearnála maidir le bainistiú tubaistí chun cinn.

Baineann an chomhroinnt faisnéise sin le cineál an teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil, an chúis atá leis, an tionchar breathnaithe nó measta atá ag an suaitheadh ar an mbonneagar criticiúil agus soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha, iarmhairtí an teagmhais ar fud earnálacha agus teorainneacha agus na mbeart maolúcháin, a rinneadh cheana nó a bheartaítear, go náisiúnta nó le Ballstáit ábhartha eile agus leis an gCoimisiún trí shocruithe atá ann cheana, e.g. na socruithe comhroinnte faisnéise faoi Airteagail 9 agus 15 de Threoir (AE) 2022/2557. Tugtar an fógra sin gan acmhainní an bhonneagair chriticiúil nó, i gcásanna áirithe, an eintitis chriticiúil nó an Bhallstáit a atreorú ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le láimhseáil teagmhas, rud a bhfuil tosaíocht le tabhairt dó.

Chun bearta leantacha a áirithiú, déanann ERCC nó ranna an Choimisiúin dá dtugtar fógra agus atá freagrach as an earnáil nó na hearnálacha inar tharla an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil, pointe teagmhála na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile agus Ardrúnaíochta an Choimisiúin a chur ar an eolas. Idir an dá linn, murar tionscnaíodh cheana iad, tosaíonn ERCC ar fhaireachán a dhéanamh ar theagmhais, go háirithe i gcás gníomhachtú UCPM arna dhéanamh ag ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit dá ndéantar difear.

Dá bhféadfadh an fhaisnéis a bheith ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar ghné chibearshlándála nó a bheith bainteach le teagmhas cibearshlándála, comhroinneann an Coimisiún faisnéis ábhartha le EU- CyCLONE.

Tá na húdaráis náisiúnta inniúla faoi Threoir (AE) 2022/2557 le dul i gcomhar agus faisnéis a mhalartú leis na húdaráis inniúla faoi Threoir (AE) 2022/2555 gan moill mhíchui, i ndáil le cibirtheagmhais agus teagmhais lena ndéantar difear d'eintitis chriticiúla, lena n-áirítear na bearta cibearshlándála agus fisiceacha arna dhéanamh ag eintitis chriticiúla.

Le haghaidh an réimse mhuirí, déanann na húdaráis náisiúnta inniúla an fhéidearthacht a mheas a bhaineann leis an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise ('CISE') a úsáid chun faisnéis a chomhroinnt gan moill mhíchui.

ii) Cruinnithe saineolaithe a eagrú

Déanann an Coimisiún an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil a chomóradh a luaithé is féidir chun malartuithe faisnéise ábhartha a éascú idir na húdaráis náisiúnta inniúla atá freagrach as bonneagar criticiúil agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an teagmhas (cineál, cúis, tionchar agus iarmhairtí ar fud earnálacha agus teorainneacha) agus maidir le gníomhaíochtaí freagartha, lena n-áirítear bearta maolaitheacha agus tacaíocht theicniúil le haghaidh na mBallstát dá ndéantar difear. De réir chroílár an teagmhais, beidh dlúthbhaint ag ranna ábhartha an Choimisiúin le cruinniú an Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil d'fhonn faisnéis a bailíodh trí na hionstraimí earnála atá ann cheana a chomhroinnt. I gcás teagmhais ag a bhfuil meascán de ghnéithe cibearshlándála agus de ghnéithe fisiceacha nach bhfuil cibirghné ag baint leo, déanann ranna ábhartha an Choimisiúin, CERT- EU agus SEGS, i gcás inarb ábhartha, agus a luaithé is féidir, fógra a thabhairt don Tascfhórsa um Chibearghéarchéimeanna agus do na cathaoirligh faoi seach den Ghrúpa Comhair chomh maith leis sin dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555, agus EU- CyCLONE de réir mar is iomchui, agus téann siad i gcomhairle leo i gcás inarb ábhartha, agus a luaithé is féidir freisin, maidir leis an ngá le

gníomhaíochtaí comhordúcháin. I gcomhaontú leis na cathaoirligh faoi seach, féadfaidh an Coimisiún (an Ard- Stiúrtóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile agus Ard- Stiúrtóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta) cruinniú comhpháirteach den Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil a bheartú leis an nGrúpa Comhair ar mhaithe le feasacht staide chomhroinnte agus chun freagairtí faoi seach a chomhordú.

I gcás teagmhas trasearnála suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil lena n- éilítear nó ar dócha go n- éileofar leis bainistíocht iarmharta ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an Coimisiún cruinnithe comhordúcháin trasearnála a chomóradh lena mbaineann na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile.

I gcás ina ndéanann teagmhas suntasach criticiúil bonneagair difear do thríú tír freisin, téann an Coimisiún i gcomhairle le húdarás inniúil an tríú tír lena mbaineann agus féadfaidh sé cuireadh a thabhairt dóibh teacht chuig cruinniú den Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil.

iii) Tacaíocht ón gCoimisiún agus gníomhaireachtaí an Aontais

I gcás inarb ábhartha agus ag gníomhú i gcomhréir lena shainordú, cuireann Europol tuarascáil staide maidir leis an teagmhas i láthair ar leibhéal an Aontais. Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, i gcás inarb ábhartha agus ag gníomhú i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, déanann siad faisnéis ábhartha lena rannchuidítear leis an bhfeasacht staide nó an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil nó leis an bhfreagairt chomhordaithe don teagmhas sin a thuairisciú dá nArdstiúrtóireachtaí ‘máthar’ a thuairiscíonn, ar a seal, don Choimisiún (an Ard- Stiúrtóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, mar Chathaoirleach an Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil).

Is féidir leis an gCoimisiún rannchuidiú le feasacht staide a sholáthar agus úsáid á baint as sócmhainní Chlár Spáis an Aontais¹² amhail Copernicus, Galileo agus EGNOS, i gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme.

(b) Ar an leibhéal straitéiseach

i) Tuarascálacha feasachta staide a tháirgeadh

Bunaithe ar fhaisnéis arna comhroinnt ag údarais náisiúnta inniúla i gcrúinniú den Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, nó cruinnithe comhpháirteacha le seirbhísí, grúpaí saineolaithe nó líonraí ábhartha, ullmhaíonn an Coimisiún tuarascáil feasachta staide bunaithe ar rannchuidithe na n- údarás náisiúnta inniúil agus faisnéis eile atá ar fáil.

Leis an tuarascáil sin déanfar, i gcás inarb ábhartha, torthaí na measúnuithe riosca, na meastóireachtaí agus na gcásanna ábhartha ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh ó thaobh cibearshlándála, lena n- áirítear na cinn arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ag an nGrúpa Comhair.

I gcás ghníomhachtú IPCR, leis an tuarascáil sin is féidir rannchuidiú leis an Anailís Chomhtháite um Fheasacht Staide (‘ISAA’) arna hullmhú ag ranna an Choimisiúin agus SEGS.

¹² Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

Cuireann SIAC i láthair measúnú faisnéisbhunaithe cothrom le dáta maidir leis an teagmhas, i gcás inarb ábhartha.

ii) Gníomhachtú shásraí comhordaithe géarchéime an Aontais agus úsáid uirlisí an Aontais

Tosaíonn ERCC ar thacaíocht feasachta staide a sholáthar timpeall ar an teagmhas, i gcás inarb ábhartha, go háirithe má spreagtar gníomhachtú UCPM leis an teagmhas¹³. Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit dá ndéantar difear íomhánna satailíte a iarraidh ar a gcríoch trí Sheirbhís Bainistithe Práinne Copernicus.

I gcás ina meastar gurb íomchuí faisnéis a chomhroinnt ar fud an Choimisiúin le SEGS agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, déanann an phríomh- Ardstiúrthóireacht nó an Ardstiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, i gcomhar leis an Ardstiúrthóireacht, próiseas comhordúcháin géarchéimeanna inmheánach an Choimisiúin ARGUS Céim I a ghníomhachtú trí theagmhas a oscailt ar uirlis TF Argus.

Féadfaidh Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais socruithe IPCR a ghníomhachtú i modh comhroinnte faisnéise, lena mbaineann forbairt thuarascálacha ISAA ón gCoimisiún agus SEGS agus rannchuidithe ann ó údarais náisiúnta inniúla agus foinsí eile, i gcás inarb íomchuí. Fiú amháin gan IPCR a ghníomhachtú, is féidir le hUachtaránacht rothlach na Comhairle nó leis an gCoimisiún leathanach faireacháin ar ardán gréasáin IPCR a thionscnamh, faoi choinníollacha áirithe.

Sásraí agus uirlisí bainistithe géarchéime (earnála) eile de chuid an Aontais, féadfar iad a ghníomhachtú de réir na nósanna imeachta faoi seach, de réir mar is íomchuí. Áiritheoidh an Coimisiún comhordú idir na sásraí agus na huirlisí sin.

Má tá an teagmhas fisiceach i gcomhthráth le teagmhas cibearshlándála mórskála nó más cosúil go mbaineann sé leis, mar a shainmhínítear in Airteagal 6(7) de Threoir (AE) 2022/2555, féadfaidh Uachtaránacht rothlach na Comhairle an Cibir- Threoirphlean a úsáid chun comhordú íomchuí a chinneadh ar an leibhéal oibríochtúil lena mbaineann, *inter alia*, EU- CyCLONe agus an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil.

iii) Cumarsáid phoiblí a chomhordú

Na Ballstáit a ndéanann an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil difear dóibh, comhordaíonn siad gcumarsáid phoiblí maidir leis an ngéarchéim a mhéid is féidir, agus inniúlacht náisiúnta á hurramú maidir leis sin. Féadfaidh Líonraí Cumarsáide Géarchéime IPCR a bheith rannpháirteach, de réir mar is íomchuí.

Bunaithe ar an bhfeasacht staide chomhroinnte, tacaíonn an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil agus na Ballstáit dá ndéantar difear le bealaí cumarsáide comhaontaithe a fhoirmliú, i gcás inarb íomchuí.

Comhordaíonn Europol agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí cumarsáide poiblí le seirbhís Urlabhraí an Choimisiúin, bunaithe ar fheasacht staide chomhroinnte.

Más é atá i gceist leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil gné sheachtrach, hibrídeach nó gné a bhaineann leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta,

¹³ Amhail foilsíú táirgí faireacháin ar na meáin, Teachtaireachtaí Cosanta Sibhialta, Nótaí Anailiseacha, Léarscáileanna Laethúla ECHO, Splanacha Laethúla ECHO agus táirgí saincheaptha eile.

déantar an chumarsáid phoiblí a chomhordú le SEGS agus seirbhís Urlabhraí an Choimisiúin i gcomhréir le Prótacal an Aontais chun bagairtí hibrídeacha a chomhrac¹⁴.

2. FREAGAIRT (LENA MBAINNEANN GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEANÚNACHA AR A DTUGTAR TUAIRISC FAOI MHALARTÚ FAISNÉISE AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ BREISE AR NA LEIBHÉIL STRAITÉISEACHA/PHOLAITIÚLA)

(a) Ar an leibhéal straitéiseach

i) Tuarascálacha staide a tháirgeadh go leanúnach

Cuirtear Meitheal na Comhairle um Chosaint Shibhialta – Athléimneacht Eintiteas Criticiúil (PROCIV- CER) ar an eolas maidir le tuarascáil staide pholaitiúil/straitéiseach a tháirgeadh (e.g. ISAA i gcás ghníomhachtú IPCR nó an tuarascáil feasachta staide chomhroinnte arna hullmhú ag an gCoimisiún) agus ullmhaíonn sí an COREPER, i gcás nár comóradh é sin, ná cruinniú an Choiste Pholaitiúil agus Slándála, de réir mar is iomchuí.

Treisiúnn SIAC a fhor- rochtain chuig seirbhísí faisnéise na mBallstát, comhiomlánaíonn sé faisnéis na bhfoinsí uile agus ullmhaíonn sé anailís agus measúnú ar an teagmhas, chomh maith le nuashonruithe tráthrialta, más gá.

ii) Gníomhachtú iomlán shásraí comhordaithe géarchéime an Aontais agus úsáid ionstraimí an Aontais

I gcás ina ngníomhachtaíonn Uachtarán an Choimisiúin próiseas comhordúcháin géarchéimeanna inmheánach an Choimisiúin ARGUS Céim II, déantar cruinniú nó cruinnithe den Choiste um Chomhordú Géarchéime lena mbaineann ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha an Choimisiúin agus SEGS, i gcás inarb ábhartha, a chomóradh ar ghearrfhógra chun comhordú a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis na gnéithe uile den teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil.

I gcás ina ngníomhachtaíonn Uachtaránacht na Comhairle IPCR i modh iomlán:

- Éilíonn Uachtaránacht rothlach na Comhairle cruinniú comhchéime neamhfhoirmiúil tráthúil, lena mbailítear na gníomhaithe náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta ábhartha, inar féidir leis an ionadaí ón gCoimisiún ag gníomhú mar Chathaoirleach an Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil (an Ard- Stiúrtóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile) tuairisciú ar chruinniú nó cruinnithe an ghrúpa a comóradh roimhe sin, a chomhlánaítear le ranna eile de chuid an Choimisiúin agus SEGS, de réir mar is iomchuí.

- Is féidir a iarraidh ar SIAC agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais nuashonrú staide a chur i láthair maidir leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil sa chruinniú sin.

Ullmhaíonn príomhsheirbhís ISAA (príomhsheirbhís an Choimisiúin nó SEGS) tuarascáil ISAA agus rannchuidithe inti ó ranna ábhartha an Choimisiúin, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus údaráis náisiúnta inniúla ábhartha. Iarrtar ar na Ballstáit ionchur a sholáthar, trí ardán gréasáin IPCR, chun tuarascálacha ISAA a tháirgeadh.

I gcás teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht slándála idirnáisiúnta ag baint leis, féadfaidh ranna an Choimisiúin agus SEGS cruinniú AE- ECAT Idirphlé Struchtúrtha maidir le hAthléimneacht a chomóradh chun rannchuidiú le feasacht

¹⁴ Joint Staff Working Document – EU Protocol for countering hybrid threats [Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach – Prótacal an Aontais chun bagairtí hibrídeacha a chomhrac] SWD(2023)116 final.

staide chomhroinnte agus malartú faisnéise maidir le bearta arna ndéanamh ag an Aontas agus ECAT, faoi seach.

iii) Cumarsáid phoiblí

Ullmhaíonn an Chomhairle teachtaireachtaí cumarsáide poiblí coiteanna. Féadfaidh an líonra neamhfhoirmiúil de chumarsáidithe géarchéime a bhunaítear trí IPCR tacú leis an obair sin. Ullmhaíonn seirbhís Urlabhraí an Choimisiúin teachtaireachtaí cumarsáide poiblí freisin, de réir mar is iomchuí.

Más é atá i gceist leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil gné sheachtrach, hibrideach nó gné a bhaineann leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta, déantar an chumarsáid phoiblí a chomhordú le SEGS agus seirbhís Urlabhraí an Choimisiúin.

iv) Tacaíocht do na Ballstáit agus freagairt éifeachtach

Is féidir leis an Uachtaránacht rothlach cruinniú de PROCIV- CER a chomóradh chun tacú leis na gníomhaíochtaí faoi chuimsiú IPCR, má ghníomhachtaítear sin.

Féadfaidh na Ballstáit dá ndéantar difear leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil tacaíocht theicniúil a iarraidh ar Bhallstáit eile nó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais tríd an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, e.g. saineolas sonrath chun drochthionchair an teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil a mhaolú.

Féadfaidh na Ballstáit dá ndéantar difear leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil tacaíocht theicniúil agus/nó airgeadais a iarraidh ar an gCoimisiún nó gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Déanann an Coimisiún, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, measúnú ar a thacaíocht fhéideartha agus gníomhachtaíonn sé, i gcás inarb iomchuí, bearta maolúcháin teicniúla ar leibhéal an Aontais i gcomhréir lena nósanna imeachta faoi seach agus comhordaíonn sé acmhainní teicniúla is gá chun tionchar an teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil a stad nó a laghdú.

I gcomhthéacs UCPM go sonrath, d'fhéadfadh tíortha dá ndéantar difear cúnamh a iarraidh tríd an gComhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála ('CECIS'), ar ina dhiaidh sin a d'oibreodh ERCC chun comhordú a dhéanamh ar chúnamh arna thabhairt ó na Ballstáit agus Stáit Rannpháirteacha UCPM, agus trí 'rescEU' chomh maith leis sin.


Laistigh dá sainorduithe faoi seach agus arna iarraidh sin, tacaíonn Europol agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais leis na Ballstáit dá ndéantar difear le teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil agus an teagmhas á imscrúdú.

(b) Ar an leibhéal polaitiúil

D'fhéadfadh Uachtaránacht na Comhairle an riachtanas a mheas chun Cruinnithe Comhchéime IPCR, cruinnithe de Mheithleacha na Comhairle, COREPER, Comhairle na nAirí agus/nó Cruinnithe Mullaigh a chomóradh chun malartú a dhéanamh ar thionscnamh féideartha an teagmhais shuntasaigh maidir leis an mbonneagar criticiúil agus ar na hiarmhairtí lena bhfuil coinne le haghaidh na mBallstát agus an Aontais, teacht ar chomhaontú maidir le treoirlinnte comhchoiteanna, agus na bearta is gá a ghlacadh chun tacú leis na Ballstáit dá ndéantar difear leis an teagmhas suntasach maidir leis an mbonneagar criticiúil agus a éifeachtaí a mhaolú.

Cairt 1: Forbhreathnú Scéimreach ar an Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil

EU COORDINATED RESPONSE TO A SIGNIFICANT CRITICAL INFRASTRUCTURE INCIDENT



Cairt 2: Treoirphlean maidir leis an mBonneagar Criticiúil: Cinnteoireacht

